C/2024/6878

28.11.2024

**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

# Aistriú cóir chun todhchaí inbhuanaithe a áirithiú do chórais agraibhia an Aontais

**(tuairim féintionscnaimh)**

(C/2024/6878)

Rapóirtéir: **Kerli ATS**

Comhrapóirtéir: **Florian MARIN**

| | |
|---|---|
| Comhairleoir | Tomaso FERRANDO (thar ceann an rapóirtéara) |
| Cinneadh ón Tionól Iomlánach | 18.1.2024 |
| Bunús dlí | Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta |
| An rannóg atá freagrach | Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol |
| Dáta a glactha sa rannóg | 3.9.2024 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 19.9.2024 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 590 |
| Toradh na vótála<br>(ar son/in aghaidh/staonadh) | 136/0/9 |

## 1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Measann CESE nach mór aghaidh a thabhairt go comhleanúnach leis an aistriú cóir i gcórais agraibhia ar ghnéithe sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha, agus cur chuige iomlánaíoch, comhordaithe agus comhtháite a ghlacadh. Ba cheart an t-aistriú cóir a bheith bunaithe ar phrionsabail an cheartais dáileacháin, an aitheantais, na rannpháirtíochta, na huaillmhéine comhshaoil agus aeráide, chearta an duine agus an prionsabal ‘gan aon duine a fhágáil ar lár’.

1.2. Measann CESE go bhfuil gá le beartais phoiblí chomhtháite chun a áirithiú go mbeidh na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear feirmeoirí ar mhionscála, iascairí agus oibrithe bia, i gcroílár an aistrithe chóir. Ní mór prionsabail an cheartais shóisialta agus éiceolaíoch a bheith ina dtreoir agus córas bia inbhuanaithe á fhorbairt againn, agus ba cheart dáileadh cothrom costas, acmhainní agus sochar a áirithiú leis an gcóras sin agus tacú leis an gceart chun bia agus cothaithe.

1.3. Molann CESE gur cheart an ceartas rannpháirteach a chomhtháthú fud fad na ngnéithe uile a bhaineann le haistriú cóir na gcóras agraibhia. Leis an gcomhtháthú sin, ba cheart próisis chothroma faisnéise agus chomhairliúcháin a áirithiú ina gcuirtear san áireamh réaltachtaí na ngníomhaithe leochaileacha ar fud na slabhraí táirgí agraibhia. Ba cheart béim a leagan sa chomhtháthú sin ar an infhaighteacht faisnéise, an trédhearcacht, an t-oideachas, an t-athsciliú agus an t-uas-sciliú agus ba cheart é a bheith d’aidhm aige acmhainneacht a fhorbairt ar gach uile leibhéal de na córais bia le haghaidh na geallsealbhóirí uile.

1.4. Molann CESE cosaint, urraim agus comhlíonadh chearta uile na n-oibrithe a bheith á gcumhdach leis an aistriú cóir, lena n-áirítear tríd na sásraí coinníollachta sóisialta atá sa chomhbheartas talmhaíochta (CBT) a neartú agus tacú leis, ach freisin trína áirithiú go nginfidh feirmeoirí ioncam leordhóthanach maireachtála ionas go bhféadfaidh siad ioncam maireachtála a íoc lena n-oibrithe freisin.

1.5. Chun dul i ngleic leis an ngéarghá atá le claochlú struchtúrach a dhéanamh ar chórais bhia an Aontais, molann CESE an méid seo a leanas a dhéanamh:

— cur chuige córasach a ghlacadh maidir le dlí agus rialachas chórais bhia an Aontais ina ndéileálfar le níos mó ná an táirgeadh talmhaíocht amháin agus lena chloífear le prionsabail an cheartais atá pléite thíos;

— oibriú i dtreo ioncaim mhaireachtála agus pá maireachtála a thabhairt isteach ar fud an Aontais, chomh maith le slabhraí bia nach bhfuil lonnaithe san Aontas a thabhairt isteach d'fhonn daonra an Aontais a chothú agus cineálacha tacaíochta airgeadais agus cobhsú praghsanna a chur chun cinn, i gcomhréir le húdaráis na mBallstát agus na n-údarás fonáisiúnta, lena ráthófar inrochtaineacht agus an ceart chun bia do thomhaltóirí saoránach;

— beartais a chur chun feidhme lena n-éascófar rochtain ar thalamh do ghlúnta nua feirmeoirí agus do tháirgeoirí ar mhionscála, lena n-aisiompófar comhchruinniú talún trí dháileadh cothrom talún a chur chun cinn, agus beartais talún a chur i gcomhréir le Threoirlínte Deonacha na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta maidir le Tionacht Talún ([1]);

— aghaidh a thabhairt ar na neamhionannais laistigh de CBT mar rud atá ríthábhachtach chun aistriú cóir a áirithiú, lena n-áiritheofar go bhfaighidh na Ballstáit uile tacaíocht chothrom chun cothrom iomaíochta a áirithiú in earnáil talmhaíochta an Aontais;

— rialacháin a thabhairt isteach chun teorainn a chur le hamhantraíocht agus le hairgeadrú i gcórais bhia, trédhearcacht a chur chun cinn i margaí tráchtearraí bia, agus ionstraimí airgeadais a bhunú a thacaíonn le cleachtais inbhuanaithe ar feadh na gcóras bia;

— infheistiú i dtaighde agus i bhforbairt cleachtas agus teicneolaíochtaí inbhuanaithe, agus na himpleachtaí á n-aithint ag an am céanna ó thaobh cineálacha seanbhunaithe táirgthe, dáilte agus tomhaltais a dháileadh agus a aithint, nuálaíocht a chur chun cinn sa chleachtas, agus oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil d'fheirmeoirí, d'fhiontraithe na hearnála bia agus d'oibrithe in earnáil an bhia chun tacú le cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh;

— caighdeáin níos uaillmhianaí agus níos éigeantaí a ghlacadh maidir le soláthar bia atá inbhuanaithe agus cothrom, agus ceannacháin phoiblí agus cláir bhia an Aontais a úsáid mar uirlisí chun tacú leis an aistriú cóir chuig córais bhia atá inbhuanaithe ó thaobh na sochaí, an gheilleagair agus an chomhshaoil de;

— á aithint di a thábhachtaí atá saothar atáirgthe agus cúraim ar fud an chórais bia ina iomláine, agus a lárnaí atá mná agus daoine óga sna córais agraibhia atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí;

— tacú le cleachtais lena chuirfear an bhithéagsúlacht agus caomhnú acmhainní nádúrtha chun cinn, agus beartais a chur chun feidhme lena spreagtar seirbhísí éiceachórais a chomhtháthú i gcórais agraibhia;

— Ciste um Aistriú Cóir le haghaidh Agraibhia a bhunú chun tacú le fiontair agraibhia bheaga agus mheánmhéide, chomh maith le Faireachlann um Aistriú Bia Cóir, mar chuid den togra le haghaidh Faireachlann um Aistriú Cóir ([2]) a bhunú.

— dearcadh domhanda a chomhtháthú le haistriú cóir an Aontais i gcórais agraibhia lena ndéantar rannpháirtíochtaí rialachais áitiúla, réigiúnacha, idirnáisiúnta agus domhanda a ailíniú le cuspóirí maidir le cearta an duine, an comhshaol agus an aeráid, le prionsabail an cheartais agus na hinbhuanaitheachta i gcórais bhia dhomhanda;

— feachtais feasachta poiblí a fhorbairt chun tomhaltas bia áitiúil, shláintiúil agus a tháirgtear go hinbhuanaithe a chur chun cinn, agus cláir oideachais a chur chun feidhme i scoileanna chun a mhúineadh do leanaí an tábhacht a bhaineann le córais bhia inbhuanaithe agus nósanna itheacháin sláintiúla.

([1]) https://www.fao.org/tenure/voluntary-guidelines/en/.
([2]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Creat beartais an Aontais um aistriú cóir a chur chun cinn: cad iad na bearta atá riachtanach? (IO C, C/2024/1576, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1576/oj).

## 2. An gá atá le haistriú iomlánaíoch agus cóir do chórais agraibhia an Aontais

2.1. Tá uair na cinniúna buailte le córais bhia an Aontais agus cinneadh le déanamh maidir leis na dúshláin iomadúla atá roimh an réigiún. Maidir le caillteanas post mar gheall ar phatrúin athraitheacha agus limistéir gheografacha táirgthe, bochtaineacht teaghlach, hipearbhoilsciú, ath-leithdháileadh caiteachais phoiblí ([3]) ó sheirbhísí sóisialta i dtreo seirbhísí míleata agus cosanta ([4]), an méadú ar ghalair neamhtheagmhálacha atá nasctha leis an bpraghas níos ísle a íoctar as aistí bia míshláintiúla ([5]), an t-athrú aeráide agus teagmhais adhaimsire, an t-aistriú i dtreo geilleagair ísealcharbóin ([6]) agus cailliúint na bithéagsúlachta, níl iontu ach líon beag de na saincheisteanna sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha a thrasnaíonn le córais bhia, agus i gcásanna áirithe tá siad nasctha go díreach leis an gcaoi a n-oibríonn siad agus a bhfuil siad leagtha amach.

2.2. Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach léirithe ag slabhra soláthair bia an Aontais, lena gcoinnítear rochtain ar bhia ar fud an réigiún fiú faoi dhálaí dúshlánacha amhail paindéim COVID-19, géarchéim na bpraghsanna tráchtearraí agus fuinnimh, teannas geopholaitiúil agus géarchéimeanna aeráide, tá leochaileachtaí suntasacha curtha i dtábhacht ag na himeachtaí sin freisin.

2.3. Is díol sásaimh do CESE na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun breithnithe maidir le córais bhia a chur san áireamh sa phlé Eorpach agus sa phlé domhanda araon, agus béim á leagan aige ar a thábhachtaí atá cur chuige cuimsitheach i leith daoine, ainmhithe agus éiceachóras. Mar sin féin, tugann CESE dá aire gur cuireadh an próiseas reachtach a bhaineann leis an gCreatdlí maidir le Córais Bhia Inbhuanaithe ([7]) ar fionraí, agus iarrann sé ar an gCoimisiún a bheidh ann amach anseo tús a chur leis an díospóireacht arís de réir na bprionsabal a phléitear sa tuairim seo.

2.4. Thairis sin, aithníonn CESE gur gá claochlú práinneach struchtúrach a dhéanamh ar chórais talmhaíochta agus bhia ina ndéanfar níos mó ná mar atá á dhéanamh faoi láthair, agus atá i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta agus Eorpacha ó thaobh an chomhshaoil, na haeráide agus an chonartha shóisialta de. Molann CESE an bhunchloch a leagan síos do chórais agraibhia an Aontais a fheidhmóidh laistigh de theorainneacha an phláinéid agus laistigh de theorainneacha sóisialta ([8]) agus a bheidh in ann beart a dhéanamh ar son na ndaoine, ar son an phláinéid agus ar son na nglúnta atá le teacht.

2.5. Aithníonn CESE gurb iad feirmeoirí, iascairí, oibrithe bia agus FBManna cnámh droma chórais bhia an Aontais, agus gur minic a bhíonn siad i staideanna dúshlánacha mar gheall ar an neamhionannas atá ag dul i méid laistigh dá n-earnálacha ([9]). Tuigeann sé freisin an chaoi a mbíonn an tionchar cúlchéimnitheach is mó ag beartais phoiblí ar ghníomhaithe beaga, agus mar gheall ar na praghsanna níos ísle agus an neamhchosaint ar iomaíochas domhanda atá tar éis cur le leochaileachtaí, eagla agus fearg. In earnáil na talmhaíochta, tá méadú tagtha ar dhúshláin mheabhairshláinte i réigiúin éagsúla tuaithe an Aontais mar thoradh air sin, agus tá roinnt staidéar ann ina tharraingítear aird ar an ngéarghá atá le tacaíocht chuimsitheach a thabhairt i leith na meabhairshláinte ([10]).

2.6. Dá bhrí sin, ba cheart an t-aistriú cóir a bheith dírithe ar chearta uile na n-oibrithe a chosaint, a urramú agus a chomhlíonadh. Áirítear air sin an sásra coinníollachta sóisialta a neartú agus a fheabhsú, cuir i gcás, an sásra atá in CBT, agus tacú leis na Ballstáit é a chur chun feidhme. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach go bhfaighidh feirmeoirí praghsanna leordhóthanacha ar a gcuid dtáirgí, rud a chuirfidh ar a gcumas pá leordhóthanach a íoc lena n-oibrithe. Thairis sin, ní mór beartais agus rialacháin imirce a cheapadh ar bhealach lena gcuirfear cosc ar eagraíochtaí coiriúla dúshaothrú a dhéanamh ar dhaoine agus lena n-áiritheofar nach laghdóidh táirgeoirí costais táirgthe chun aimhleasa chearta na n-oibrithe ([11]).

([3]) https://www.euractiv.com/section/economy-jobs/news/eurogroup-says-new-fiscal-rules-will-require-public-spending-cuts/.

([4]) https://eda.europa.eu/news-and-events/news/2023/11/30/record-high-european-defence-spending-boosted-by-procurement-of-new-equipment.

([5]) Orhan R., Paric M., agus Czabanowska K. *Lessons Learnt from the EU Response to NCDs: A Content Analysis on Building Resilient Post-COVID Health Systems.*Healthcare (Basel) 2021.

([6]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Ár dtodhchaí a dhaingniú — Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil (COM(2024) 63 final) (IO C, C/2024/4667, 9.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4667/oj).

([7]) https://www.europarl.europa.eu/legislative-train/spotlight-JD%2023-24/file-sustainable-eu-food-system.

([8]) Raworth, R., *Doughnut Economics*.

([9]) Piketty, T., *Les paysans apparaissent comme la plus inégale des professions en France actuellement*, Le Monde.

([10]) Líonra CBT an Aontais, an Grúpa Téamach maidir le Tacú le Meabhairshláinte Feirmeoirí agus Pobal Feirmeoireachta.

([11]) *Human suffering in Italy's Agricultural Value Chain* 3–4, 2018.

2.7. Ina theannta sin, aithníonn CESE nach mór breathnú go córasach i bhfís le haghaidh todhchaí inbhuanaithe ar na córais bhia ina n-iomláine, ar an gcaoi a bhfuil siad tógtha go sóisialta, ó thaobh an comhshaol de agus go heacnamaíoch, agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú le beartais phoiblí chomhtháite agus le hidirghabhálacha trasearnála go mbeidh feirmeoirí, iascairí, oibrithe bia agus FBManna i gcroílár an bheartais, ach ba cheart iad a leabú i gcónaí i gcomhthéacs na gcóras bia níos leithne a bhfuil siad mar chuid díobh, mar aon le gníomhaithe tráchtála eile, tomhaltóirí, ainmhithe agus próisis éiceolaíocha.

2.8. Measann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach treoirphrionsabail shoiléire a shainaithint lena bhféadfar tacú le gníomhaithe uile na gcóras bia, le lucht ceaptha beartas agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta chun todhchaí inbhuanaithe a thógáil do chórais agraibhia an Aontais. Aithníonn CESE a thábhachtaí atá sé conair thiomnaithe um aistriú cóir a chur chun feidhme do chórais agraibhia an Aontais, conair a bheidh bunaithe ar phrionsabail an cheartais shóisialta agus éiceolaíoch agus a bheidh bunaithe ar an bhfoclóir agus ar na hoibleagáidí a chumhdaítear sa dlí maidir le cearta idirnáisiúnta an duine agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ([12]).

2.9. Chun aistriú cóir a bhaint amach, ní mór do lucht ceaptha beartas aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta agus comhshaoil agus an comhthéacs a bhaineann leo, caithfidh siad beartais chomhleanúnacha a ghlacadh i ngach réimse beartais, agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna struchtúracha a d'fhéadfadh bac a chur ar chomhdhlúthú córas bia inbhuanaithe.

2.10. Dearbhaíonn CESE gur cheart cur chuige beartais iomlánaíoch, comhordaithe agus comhtháite i dtreo aistriú cóir do chórais agraibhia an Aontais a bheith bunaithe ar phrionsabail an dáileacháin, an aitheantais, na rannpháirtíochta, na huaillmhéine comhshaoil agus aeráide, an cheartais iltírigh, dúshláin dhéimeagrafacha (amhail aosú an daonra agus ganntanas saothair), an chomhleanúnachais agus chearta an duine, go háirithe an ceart chun bia agus cothaithe.

## 3. **Ceartas dáileacháin**

3.1. Measann CESE go gciallaíonn cur i bhfeidhm phrionsabal an cheartais dáileacháin i leith an aistrithe agraibhia go gcaithfear beartais phoiblí agus bearta poiblí a thabhairt isteach lena dtugtar aghaidh ar neamhionannais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí sna córais bia, agus cearta saothair á neartú ag an am céanna, aistí bia sláintiúla agus inrochtana á ráthú do chách, éifeachtúlacht agus iomaíochas na n-oibreoirí á bhfeabhsú agus leas ainmhithe á chur chun cinn. I gcroílár an phrionsabail tá an t-aitheantas gur cinnte go mbeidh acmhainní ag teastáil don aistriú, ach gur cheart iad sin a fháil trí bhearta forásacha a chur chun feidhme, agus gur cheart na costais agus na tairbhí a eascraíonn as beartais agus cinntí polaitiúla amach anseo a dháileadh go cothrom.

3.2. Aithníonn CESE a thábhachtaí atá Ballstáit stiúrtha an Aontais i gcur chun feidhme beartais leordhóthanacha lena bhféadfar diansaothrú an chomhchruinnithe talún ([13]) a chúlú agus lena dtabharfar rochtain ar thalamh do ghlúnta nua feirmeoirí agus do tháirgeoirí ar mhionscála. Tacaíonn CESE le Parlaimint na hEorpa a dhearbhaigh, i dtuarascáil fhéintionscanta ó 2017, an ceart bunúsach chun rochtain a fháil ar thalamh agus a mhol beartais an Aontais maidir le talamh a chur i gcomhréir leis na Treoirlínte Deonacha maidir le Rialachas Freagrach ar Thionacht Talún, mar atá leagtha amach ag an gCoiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain.

3.3. Anuas ar thacaíocht phoiblí a thabhairt, ní mór a thuiscint go ríshoiléir go bhfuil acmhainní ar fáil laistigh de chórais bhia an Aontais, ach go bhfuil siad dáilte go míchothrom agus go héagothrom. Ón bhfeirm go dtí an forc, bíonn tionchair shuntasacha ag an rialú agus ag an eastóscadh airgeadais ([14]) a dhéanann corparáidí bia ilnáisiúnta agus ag an earnáil airgeadais dhomhanda ar shlabhraí soláthair, lena ndéantar brabúis shubstaintiúla a atreorú ó na táirgeoirí príomhúla agus ó na hoibrithe feadh an tslabhra, agus lena gcuirtear córais bhia chun cinn lena dtugtar tús áite do thorthaí airgeadais thar urramú theorainneacha an phláinéid agus an duine araon. Fágann sé sin nach mbíonn ach líon beag torthaí ag feirmeoirí beaga agus meánmhéide agus oibrithe bia, ach tá tionchar aige freisin ar phraghsanna agus cuireann sé le saincheist na hinrochtaineachta bia, go háirithe i measc na ndaoine ar colúin de chórais bhia an Aontais iad ([15]).

([12]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Creat beartais an Aontais um aistriú cóir a chur chun cinn: cad iad na bearta atá riachtanach? (IO C, C/2024/1576, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1576/oj); IO C 81, 2.3.2018, lch. 44 agus IO C 47, 11.2.2020, lch. 30.

([13]) De réir EUROSTAT, tá athrú ag teacht ar chomhchruinniú talún san Aontas mar tháinig laghdú thart ar 37 % ar líon na bhfeirmeacha san Aontas sa tréimhse réasúnta gearr idir 2005 agus 2020. B'ionann sin agus caillteanas 5.3 milliún feirm ar fud na mBallstát, ar feirmeacha beaga faoi bhun 5 heictéar iad a bhformhór mór (thart ar 87 %).

([14]) An luach a tháirgtear in earnáil an bhia a phríobháidiú.

([15]) Ba cheart é a bheith mar chuid den aistriú cóir níos mó trédhearcachta agus faisnéise a sholáthar maidir le struchtúr chórais bhia an Aontais. I bpáipéar ó ECFE in 2021 maidir le 'Comhchruinniú agus cumhacht an mhargaidh sa bhiashlabhra', úsáidtear staidéar 2014 ón gCoimisiún Eorpach, *Tackling Unfair Trading Practices in the Business-to-Business Food Supply Chain* [Ag Dul i nGleic le Cleachtais Éagóracha Trádála sa Slabhra Soláthair Bia idir Gnólachtaí], COM(2014) 472 final.

3.4. Tá CESE ag iarraidh ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit glacadh le prionsabail an cheartais dáileacháin d'fhonn aghaidh a thabhairt, ar an gcéad dul síos, ar an amhantraíocht agus ar an airgeadrú mar phríomhbhealaí ina mbaintear acmhainní as na córais bhia chun dochair do thomhaltóirí, do tháirgeoirí, d'oibrithe agus d'inbhuanaitheacht an chomhshaoil ([16]). Ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit teacht ar réiteach chun aghaidh a thabhairt ar chleachtais amhantracha maidir le tráchtearraí bia agus cineálacha eile cleachtais airgeadraithe agus infheistíochta arna ndéanamh ag gníomhaithe an Aontais nach bhfuil ailínithe le prionsabail an Aontais, le cearta an duine ná le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát. Thairis sin, ba cheart don Aontas tionscnaimh maidir le rochtain dhíreach ar an margadh a neartú agus a chur chun cinn, amhail tacaíocht a thabhairt do chomharchumainn talmhaíochta agus díolacháin dhíreach le tomhaltóirí, chun cabhrú le feirmeoirí ioncam maireachtála ([17]) a bhaint amach agus costais idirmheánacha a laghdú.

3.5. Creideann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar na héagothromaíochtaí laistigh de CBT chun aistriú cóir a áirithiú. Tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfaighidh na Ballstáit uile tacaíocht chothrom chun cothrom iomaíochta a áirithiú in earnáil talmhaíochta an Aontais.

3.6. Ní mór aird a thabhairt ar na leibhéil arda chomhchruinnithe laistigh de chórais bhia an Aontais, rud a fhágann go bhfuil cumhacht mhargála éagothrom agus dáileadh éagothrom acmhainní ann. Is é an baol atá ann go bhféadfadh cinntí beartais, amhail na treoirlínte nua maidir le comhaontuithe cothrománacha, a bheith i bhfabhar comhordú i measc fiontar olagaplach agus nach dtabharfaidh siad aghaidh ar na fadhbanna comhchruinnithe atá ann faoi láthair. Ba cheart don Choimisiún Eorpach tús áite a thabhairt do chomhchruinniú ar leibhéal na n-ionchur talmhaíochta, an ábhair ghéanómaíoch, na talún, na próiseála agus an dáilte.

3.7. Mar shampla, tá an margadh leasacháin dhomhanda, margadh dar luach USD 200 billiún, faoi cheannas cúpla cuideachta, agus iad ag rialú os cionn 30 % de tháirgeadh leasacháin nítrigine. Leis an gcumhacht mhargaidh atá acu, is féidir leo tionchar a imirt ar phraghsanna agus brabúis a mhéadú trí chostais atá ag ardú a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí. Lasmuigh den Eoraip, in 2021 agus 2022 chaith tíortha G20 USD 21.8 billiún níos mó ar allmhairí leasacháin ná mar a chaith siad in 2020, agus meastar gur thuill na príomhchuideachtaí leasacháin brabúis thart ar USD 84 bhilliún le linn na tréimhse sin ([18]). Leis an gcás sin, mar is amhlaidh an cás leis an gcomhchruinniú ar leibhéal na síolta agus na dteicneolaíochtaí talmhaíochta, leagtar béim ar an ngéarghá atá ann go ndéanfadh beartais phoiblí an Aontais laghdú ar spleáchas feirmeoirí ar na hionchuir sin a chur chun cinn, mar aon le tacaíocht airgeadais phoiblí leordhóthanach chun aistriú chuig cineálacha táirgthe atá níos inbhuanaithe ([19]).

Tá sé aitheanta le fada ag institiúidí an Aontais go bhfuil ról ag comhchruinniú cumhachta idir an fheirm agus an forc i ndáileadh éagothrom an luacha eacnamaíoch a tháirgtear laistigh de chórais bhia agus in imeallú táirgeoirí príomhúla ([20]). De réir an Choimisiúin Eorpaigh, más micrifhiontair nó fiontair bheaga iad breis agus 95 % de na gníomhaithe in earnáil an bhia agus in earnáil an mhiondíola, is líon beag cuideachtaí móra atá ag gníomhú mar na ceannaitheoirí is mó atá ar an margadh. ([21]) I staidéar níos mionsonraithe in 2021 ó Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Cumhacht an Mhargaidh i dTionscal Bia i mBallstáit Roghnaithe ([22]), cuirtear i dtábhacht an teannas atá ann idir an fíoras gur gnólachtaí beaga iad na gnólachtaí atá i gceannas ar na hearnálacha monaraíochta, mórdhíola agus miondíola i dtéarmaí a sciar de líon iomlán na ngnólachtaí ach gur gnólachtaí móra iad na gnólachtaí sin atá i gceannas ar gach ceann de na trí earnáil i dtéarmaí a sciar den láimhdeachas iomlán. ([23]) De réir dhoiciméid an Aontais agus na n-ionchur laistigh de CESE, is cosúil gur cheart aird ar leith a thabhairt ar an monaraíocht agus ar an mórdhíol, i bhfianaise a leibhéil comhchruinnithe. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin ar an mbiashlabhra ina iomláine agus ar dháileadh ioncaim agus deiseanna, ós rud é go bhféadfadh gnólachtaí a bhaineann mí-úsáid as a gceannasacht sa mhargadh difear a dhéanamh ní hamháin do phraghas agus do chainníocht na n-earraí a thrádáiltear ach do ghnéithe éagsúla de théarmaí conarthacha a rialaíonn a gcaidreamh freisin.

([16]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — 'Géarchéim maidir le praghsanna bia: ról na hamhantraíochta agus tograí nithiúla le haghaidh gníomhaíocht i ndiaidh chogadh na hÚcráine' (IO C 100, 16.3.2023, lch. 51).

([17]) https://www.weforum.org/agenda/2024/04/ilo-living-wage-explained/.

([18]) An Institiúid um Thalmhaíocht agus Beartas Trádála, Luach Beagnach USD 22 ag baint leis an gCostas Géarchéime Leasacháin sa G20 cé go bhfuil Cuideachtaí Leasacháin ar an mbóthar le Brabúis USD 84 Billiún a Dhéanamh.

([19]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Slándáil an tsoláthair bia agus córais bhia inbhuanaithe (IO C 194, 12.5.2022, lch. 72).

([20]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Slándáil an tsoláthair bia agus córais bhia inbhuanaithe (IO C 194, 12.5.2022, lch. 72).

([21]) An Coimisiún Eorpach, '*Commission delivers report on the implementation of EU rules against unfair trading practices in the food supply chain*', 23 Aibreán 2024, https://agriculture.ec.europa.eu/news/commission-delivers-report-implementation-eu-rules-against-unfair-trading-practices-food-supply-2024-04-23_en.

([22]) Kjersti Nes, Liesbeth Colen agus Pavel Ciaian, 'Market Power in Food Industry in Selected Member States', An tAontas Eorpach: an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, 2021.

([23]) Kjersti Nes, Liesbeth Colen agus Pavel Ciaian, 'Market Power in Food Industry in Selected Member States', An tAontas Eorpach: an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, 2021.

3.8. Le ceartas dáileacháin d'fhágfadh sé sin gurb iad na daoine is mó a bhain tairbhe as an aistriú agus a bhfuil an líon is mó acmhainní acu a sheasfadh costas an aistrithe. Cosúil leis an earnáil fuinnimh, ba cheart ciste poiblí a bheith ann chun tacú leis an aistriú cóir bia sna córais agraibhia. Mar sin féin, ba cheart é sin a mhaoiniú le cánacha a bhailítear ó bhrabúis bhreise ar dhíolacháin bia, ó chleachtais amhantracha agus ón gcúiteamh as seachtrachtaí sóisialta agus comhshaoil ([24]). Ba cheart an ciste sin a bheith tiomnaithe d'fheirmeoirí beaga agus meánmhéide, lena dtacófar le hacmhainneacht táirgeachta agus dáileacháin, le malartú eolais agus le nuálaíocht atá bunaithe ar fheirmeoirí, lena dtacófar le dálaí oibre leordhóthanacha agus díniteacha, chomh maith le cosaint shóisialta agus le spriocanna comhshaoil agus aeráide an Aontais a bhaint amach.

3.9. Ní mór é a bheith ina phríomhchuspóir ag aistriú cóir aghaidh a thabhairt ar chomhchruinniú iomarcach agus ar mhíchothromaíocht chumhachta. D'fhéadfadh údaráis an Aontais agus údaráis náisiúnta é sin a leasú ach an bealach ina gcuireann na Ballstáit an Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála (UTP) a neartú, tacú le roinnt na gcleachtas reachtacha is fearr i measc na mBallstát ([25]), aghaidh a thabhairt ar an ardchumhacht mhargála trí chleachtais a bhaineann le dlí na hiomaíochta ([26]), agus trí rialacha soláthair phoiblí an Aontais agus rialacha soláthair phoiblí náisiúnta a oiriúnú. Ba cheart an soláthar poiblí a úsáid mar uirlis bheartais chun iliomad cuspóirí comhshaoil, sláinte agus socheacnamaíocha ([27]) a shaothrú atá i gcomhréir le prionsabail an aistrithe chóir agus le cruthú córas bia inbhuanaithe. Sa chomhthéacs sin, ba ghá, le ceartas dáileacháin, aird ar leith a thabhairt ar úsáid an tsoláthair phoiblí chun rochtain a éascú do tháirgeoirí beaga agus do tháirgeoirí a ghlacann na caighdeáin is airde ó thaobh cleachtais éiceolaíocha, saothair agus ainmhithe de.

3.10. Leis an gceartas dáileacháin, cheanglófaí freisin ar an riarachán poiblí a bheith ina rannpháirtithe gníomhacha i gcórais bia áitiúil chun a ráthú go soláthróidh ceaintíní poiblí béilí sláintiúla, cothaitheacha, leordhóthanacha ó thaobh cultúir de agus gan dramhaíl, agus chun a áirithiú go mbeidh na seirbhísí sin, go háirithe maidir le ceaintíní scoile poiblí, inrochtana go huilíoch agus go maoineofar go leordhóthanach iad. Iarrann CESE ar an Aontas dlús a chur le glacadh caighdeán níos uaillmhianaí agus níos éigeantaí maidir le soláthar bia inbhuanaithe agus cothrom mar a pléadh agus an Creatdlí maidir le Córais Bhia Inbhuanaithe á ullmhú. Cuireann CESE i bhfios go láidir go bhfeidhmíonn ceaintíní scoile poiblí ag crosbhóthar idir an ceart chun oideachais, an ceart chun bia agus an aistritú cóir i dtreo córais bhia inbhuanaithe ([28]). Ar an gcúis sin, ba cheart do na Ballstáit uile tosaíocht a thabhairt dóibh agus ba cheart don Aontas tacú leo trí dhlús agus leathnú a chur leis an scéim torthaí, glasraí agus bainne atá ann cheana, scéim ba cheart a bheith i gcomhréir le prionsabail an cheartais.

3.11. Aithníonn CESE nach mór a aithint in aon phlé a dhéanfaí ar aistriú cóir bia an t-idirspleáchas casta atá ann idir dea-bhail an duine agus dea-bhail ainmhithe laistigh den chóras bia, cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' ([29]) a ghlacadh agus aird chuimsitheach ar leas ainmhithe a áireamh ann féin. Dá bhrí sin, iarraimid go neartófaí na creataí rialála atá ann faoi láthair chun caighdeáin leasa ainmhithe a fheabhsú, prionsabail eiticiúla a chaomhnú, agus iad siúd nach gcomhlíonann na caighdeáin agus na prionsabail sin a thabhairt chun cuntais. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach peirspictíochtaí agus taithí na bhfeirmeoirí a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le leas ainmhithe a chothabháil ar an láthair a ionchorprú ([30]).

3.12. Ba cheart an ceartas dáileacháin a bheith ina threoir freisin chun an nuálaíocht theicneolaíoch a thabhairt isteach agus a chur chun cinn ar gach uile leibhéal de na córais bhia. Iarrann CESE ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar thabhairt isteach na nuálaíochta trí phrionsabail an aistrithe chóir agus an réamhchúraim, d'fhonn a ráthú nach gcuirfidh sí leis na neamhionannais, na comhchruinnithe agus an dáileadh míchothrom luacha agus deiseanna atá ann cheana, agus chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár.

([24]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — 'Géarchéim maidir le praghsanna bia: ról na hamhantraíochta agus tograí nithiúla le haghaidh gníomhaíocht i ndiaidh chogadh na hÚcráine' (IO C 100, 16.3.2023, lch. 51).

([25]) An Coimisiún Eorpach, An toirmeasc ar chleachtais éagóracha trádála a chur chun feidhme chun seasamh na bhfeirmeoirí agus na n-oibreoirí i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia a neartú – Staid na himeartha SWD 2004 (106).

([26]) Lianos I. agus Lombardi C., '*Superior Bargaining Power and the Global Food Value Chain: The Wuthering Heights of Holistic Competition Law?*', CLES Research Paper Series, ISBN 978-1-910801-08-6.

([27]) M. Stein, M. Mariani, R. Caranta agus Y. Polychronakis, *Sustainable Food Procurement*, Routledge, 2024.

([28]) T. Ferrando, *From Marginalization to integration: universal, free and sustainable meals in Italian school canteens as an expression of the right to education and the right to food*. [Ó Imeallú go comhtháthú: béilí uilíocha, saor in aisce agus inbhuanaithe i gceaintíní scoile na hIodáile mar léiriú ar an gceart chun oideachais agus ar an gceart chun bia].

([29]) FAO, (2020), 'Aon Sláinte Amháin'.

([30]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair agus oibríochtaí gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1255/97 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle (COM(2023) 770 final – 2023/0448 (COD)) (IO C, C/2024/4670, 9.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4670/oj).

## 4. Aitheantas agus ceartas rannpháirteach

4.1. Aithníonn CESE a chasta atá córais bhia an Aontais, agus béim á leagan aige ar an ngá atá le próisis chinnteoireachta chuimsitheacha chothroma a mbeidh na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear feirmeoirí, tomhaltóirí, lucht ceaptha beartas agus eagraíochtaí ionadaíocha na hearnála bia rannpháirteach rannpháirteach iontu agus an córas bia á mhúnlú acu. Aithníonn CESE nach bhfuil aon chóras bia amháin ann san Aontas ach go an córas bia tionsclaíoch ag éirí níos cumhachta. Mar sin féin, tá bealaí éagsúla fós ag an Aontas chun córais agraibhia a eagrú, agus d'iarr CESE cheana féin go mbeadh córais bhia an Aontais níos éagsúlaithe fós i ngach gné díobh ([31]). Go háirithe, tá córais bhia ann atá bunaithe ar chomhar agus ar dhlúthpháirtíocht, agus a chuireann chun cinn cuspóirí atá cóir go sóisialta agus go héiceolaíoch agus luach saothair cothrom á ráthú do gach duine atá rannpháirteach feadh an tslabhra bia ag an am céanna.

4.2. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur gá feabhas a chur ar an aitheantas agus ar an meas ar tháirgí sláintiúla áitiúla, ar mhuinín agus ar fhéiniúlacht a bhunú atá ríthábhachtach don oidhreacht chultúrtha, agus ar an gcaidreamh idir táirgeoirí agus tomhaltóirí a neartú. Sa chiall sin, ba cheart d'údaráis phoiblí aird ar leith a thabhairt ar léirithe ar an ngeilleagar dlúthpháirtíochta, ar shochaí na dea-bhaile, ar scéimeanna talmhaíochta a fhaigheann tacaíocht ón bpobal, ar chomharchumainn oibrithe agus tomhaltóirí araon, ar bhonneagair thuaithe/uirbeacha, agus ar thionscnaimh forbartha tuaithe lena gcruthófar deiseanna fostaíochta agus lena bhfeabhsófar caighdeáin mhaireachtála ([32]) agus ba cheart tacaíocht ghníomhach a thabhairt dóibh. Tá sé ríthábhachtach creataí beartais a ghlacadh lena ndéantar cineálacha inbhuanaithe talmhaíochta, cuir i gcás an agra-éiceolaíocht agus an fheirmeoireacht orgánach, a chur chun cinn agus a mhéadú le haghaidh córais agraibhia inbhuanaithe agus chothroma, le haghaidh maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú ([33]) don athrú sin agus chun slándáil bia a bhaint amach do chách ([34]).

4.3. Aithníonn CESE na leibhéil éagsúla infheictheachta agus cumhachta i measc toghlaigh éagsúla, rud a éilíonn bearta réamhghníomhacha ina leith d'fhonn an bhearna sin a dhúnadh maidir le conairí, beartais agus céimeanna a ghlacfar sa todhchaí a shainaithint. Tá CESE ag tathant ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit guthanna na ndaoine sin nach gcloistear go minic a mhéadú agus gnéithe idirghlúine agus cearta na nglúnta atá le teacht a chur san áireamh. Áirítear i measc na bpríomhról sin daoine óga, mná sna córais bhia, oibrithe séasúracha agus imirceacha, oibrithe ardáin agus oibrithe forbhásacha, banfheirmeoirí, agus iad siúd atá i mbun saothar cúraim agus atáirgthe gan íocaíocht. Ina theannta sin, tá daoine scothaosta, imircigh, iad siúd atá i ndálaí imeallaithe airgeadais, agus daoine óga an-leochaileach i leith bochtaineacht agus neamhshlándáil bia, go háirithe le linn géarchéimeanna eacnamaíocha. Ní mór na dálaí sonracha sin a aithint i straitéis chuimsitheach le haghaidh todhchaí shláintiúil agus i gcórais bhia atá cóir ó thaobh na sochaí agus an chomhshaoil de. Ba cheart a áireamh leis an straitéis sin cláir oideachais leordhóthanacha agus seirbhísí ceaintín scoile uilíocha, comhlántacha, sláintiúla, atá cothrom go sóisialta agus inbhuanaithe.

4.4. Teastaíonn athrú ó bhonn ar an gcaoi a ndéantar eolas a tháirgeadh, a cheapadh agus a dháileadh chun dlús a chur le haistriú cóir na gcóras agraibhia. Leis an athrú sin, ba cheart tús áite a thabhairt do líonraí eolais oscailte agus inrochtana a chruthú lena dtacaítear le cleachtais inbhuanaithe agus le nuálaíocht ar fud na gcóras bia, rud a rachaidh chun tairbhe do ghníomhaithe an chórais agraibhia.. Is gá athmhachnamh a dhéanamh ar an gcreat maoine intleachtúla atá ann faoi láthair, go háirithe maidir le síolta agus plandaí, agus na cásanna sin ina maoinítear an nuálaíocht le hacmhainní poiblí.

4.5. Aithníonn CESE an iliomad iarrataí chun cineálacha nua biteicneolaíochta, orgánach géinmhodhnaithe agus teicnící géanómaíocha nua a thabhairt isteach agus a normalú. Mar sin féin, ba cheart prionsabail an aitheantais agus na rannpháirtíochta, mar aon leis an gceartas dáileacháin, a mheas agus ómós a thabhairt don iliomad réiteach eile atá á moladh ag feirmeoirí agus pobail ar mhionscála maidir le táirgeadh inbhuanaithe bia, ar féidir míchlú a tharraingt orthu agus iad a thréigean i gcás ina gcruthófaí na réitigh theicneolaíocha sin a bheith mar 'philéar airgid' do thodhchaí chórais agraibhia an Aontais.

4.6. Maidir leis an gceartas rannpháirtíochta, tá CESE i bhfách le cur chuige uile-shochaí a ghlacadh le fada an lá, lena n-áirítear uirlisí níos rannpháirtí, chun a áirithiú gur féidir leis an tsochaí shibhialta a bheith níos rannpháirtí sa phróiseas cinnteoireachta maidir leis an inbhuanaitheacht. Is féidir an chomhthógáil sin a bhaint amach trí Chomhairle Eorpach um Beartas Bia, rud a mholann CESE go láidir, ([35]) agus trí bhunú comhairlí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta um beartas bia a chur chun cinn a léiríonn an iliomad guthanna agus a thugann ardáin ar leith dóibh siúd is lú a chloistear.

([31]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Slándáil an tsoláthair bia agus córais bhia inbhuanaithe (IO C 194, 12.5.2022, lch. 72).

([32]) IO C 105, 4.3.2022, lch. 49; Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an t-aistriú fuinnimh agus an t-aistriú digiteach i limistéir thuaithe (IO C 486, 21.12.2022, lch. 59).

([33]) IPCC, Slándáil Bia, Tuarascáil Speisialta maidir leis an Athrú Aeráide agus Talamh, IPCC, 2023.

([34]) HLPE, Slándáil Bia agus Cothú.*Building a Global Narrative Towards 2030*, [Insint Dhomhanda a Thógáil i dTreo 2030] FAO, An Róimh, 2020.

([35]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Slándáil an tsoláthair bia agus córais bhia inbhuanaithe (IO C 194, 12.5.2022, lch. 72).

4.7. Ní mór an ceartas rannpháirteach a bheith fite fuaite le tabhairt isteach spásanna rialála, beartais agus faireacháin a bhaineann leis na réimsí éagsúla a bhaineann le córais bhia an Aontais. Céimeanna suntasacha chun cinn sa treo sin a bheadh i bhFaireachlann um Aistriú Cóir [36] le haghaidh chórais bhia an Aontais, a bheadh múnlaithe ar an bhFaireachlann um an Tuath [37] atá ann cheana, chomh maith le hArd-Stiúrthóireacht nua um Bia ag a mbeadh inniúlachtaí trasearnálacha.

4.8. Aithníonn CESE iarracht an Choimisiúin idirphlé a sheoladh maidir leis an talmhaíocht, ach measann sé gur cheart an spás sin a úsáid chun dul níos faide ná an talmhaíocht amháin agus chun creat idirphlé atá fíor agus éifeachtach a bhunú lena ráthófar próiseas cothrom faisnéise agus comhairliúcháin lena gcuirfear san áireamh réaltacht na ngníomhaithe leochaileacha feadh shlabhraí na dtáirgí agraibhia. Thairis sin, cuireann CESE i bhfios go láidir gur gá an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a chomhdhlúthú, go háirithe trí ról na gceardchumann a neartú, ionas gur féidir leis rannchuidiú le hionadaíocht a ráthú agus le dálaí oibre cuibhiúla a áirithiú do gach oibrí ar fud na gcóras agraibhia.

4.9. Chun go mbeadh ceartas rannpháirteach ann, bheadh gá le hinfhaighteacht faisnéise, trédhearcachta agus oideachais, go háirithe do shaoránaigh agus do thomhaltóirí. Beidh gá freisinle cuntasacht gníomhaithe poiblí agus príobháideacha, agus le fothú acmhainneachta ar gach leibhéal de na córais bhia agus dá ngeallsealbhóirí uile. Chuige sin, cuireann CESE chun suntais a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt scileanna, lena n-áirítear tionscnaimh uas-scilithe agus athscilithe, mar chomhpháirteanna ríthábhachtacha d'fhorbairt an lucht saothair. Tá gá le hinsint nua chun dlús a chur le glacadh sóisialta an phróisis chlaochlaithigh in éineacht le hintuarthacht shóisialta agus cosaint shóisialta na bhfeirmeoirí agus na n-oibrithe san earnáil agraibhia a áirithiú. Ba cheart iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun a ráthú go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar thimpeallachtaí bia ina bhfuiltear ar an eolas faoi roghanna inbhuanaithe agus cothroma bia, ina bhfuil siad ar fáil agus ina bhfuil rochtain orthu; chuige sin, tá gá le beartais a théann níos faide ná lipéadú ar chlúdach tosaigh agus cúil an phacáiste agus le cláir oideachais leordhóthanacha agus acmhainn airgeadais leordhóthanach a sholáthar.

## 5. **Ceartas iltíreach, comhleanúnachas agus cearta an duine**

5.1. Tá an tAontas ar cheann de na hallmhaireoirí táirgí agraibhia is mó agus tá sé ar cheann de na honnmhaireoirí is mó. Éilítear le ceartas iltíreach go saothróidh an tAontas aistriú atá cóir ní hamháin don Aontas, ach do gach tír agus comhpháirtí a mbeidh tionchar ag na roghanna a ghlactar ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát orthu. Cumhdaítear an prionsabal sin i gceanglas na gConarthaí maidir le comhtháthú beartais ar mhaithe le forbairt, ach tagann sé freisin ó comhlíonadh an Aontais le comhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil sé mar pháirtí iontu agus iad bunaithe ar chearta an duine, an comhshaol agus an aeráid.

5.2. I gcroílár an aistrithe chóir iltírigh, tá sé ríthábhachtach athmheastóireacht a dhéanamh ar chomhaontuithe trádála agus infheistíochta, agus a chinntiú go rannchuideoidh an tAontas le córais bhia atá cóir, cothrom agus inbhuanaithe a thógáil go rathúil ar fud an domhain, go háirithe sa Domhan Theas. Ba cheart go n-aithneofaí le hiarracht chomhleanúnach na hardchaighdeáin táirgthe agus na costais ghaolmhara a íocann feirmeoirí an Aontais, ar rud é sin a chuireann le hiomaíochas tháirgeacht an Aontais laistigh den mhargadh aonair. Ag an am céanna, ba cheart aghaidh a thabhairt ann freisin ar an ról atá ag CBT maidir le tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí an Aontais agus maidir le hiomaíochas roinnt táirgí de chuid an Aontais i dtríú tíortha [38]. Is gá an Treoir maidir le cleachtais éagóracha trádála a chur i bhfeidhm go críochnúil a mhéid a bhaineann le cleachtais éagóracha atá á bhfulaingt ag gníomhaithe bia lasmuigh den Aontas, mar aon le hathbhreithniú cuimsitheach ar CBT ina gcuirtear peirspictíochtaí domhanda san áireamh.

5.3. Dearbhaíonn CESE gur cheart a léiriú i mbeartas trádála na hEorpa luachanna Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, na gealltanais maidir le cearta an duine agus na hoibleagáidí idirnáisiúnta comhshaoil, aeráide agus bithéagsúlachta atá déanta ag na Ballstáit agus na cheart na rudaí sin a chur chun cinn go gníomhach. Ciallaíonn sé sin gur cheart go gcothófaí le beartas trádála an Aontais tógáil córas bia atá cothrom, eiticiúil agus daonlathach, agus a imíonn ó idé-eolaíocht na saorthrádála atá i réim maidir le praghsanna ísle agus margaí tráchtearraí an-iomaíoch a ndearna táirgeoirí san Aontas agus thar lear araon agóid ina leith.

5.4. Aithníonn CESE go bhfuil beartas 'uathriail straitéiseach oscailte' á shaothrú ag an Aontas lena mbaintear leas as a sheasamh uathúil chun caighdeáin dhomhanda a leagan síos. Trí thagarmharcanna arda a leagan síos i leith cáilíocht, sábháilteacht agus inbhuanaitheacht bia, is cinnte gur féidir leis an Aontas a mhargadh aonair a neartú, ach is féidir leis freisin luachanna comhshaoil agus luachanna chearta an duine a chur chun cinn ar fud na slabhraí soláthair. Mar sin féin, is mian le CESE a chur in iú; gur cheart prionsabail an cheartais a bheith mar bhonn eolais faoi gach cinneadh a dhéanfaí maidir le trádáil agus taidhleoireacht aeráide.

[36] Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Creat beartais an Aontais um aistriú cóir a chur chun cinn: cad iad na bearta atá riachtanach? (IO C, C/2024/1576, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1576/oj).
[37] An Fhaireachlann um an Tuath.
[38] https://gret.org/publication/pac-quelle-coherence-avec-le-developpement-des-agricultures-paysannes-du-sud/.

5.5. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach a áirithiú go dtacófar i gcónaí le bearta trádála a ghlacadh trí anailís a dhéanamh ar a dtionchar socheacnamaíoch ar dhaoine agus ar réigiúin nach bhfuil san Aontas, agus go ráthófar go bhfuil dóthain guthanna, réigiún agus dearcthaí áitiúla curtha san áireamh nuair a ghlacfar caighdeáin, cánachas teorainneacha nó cineálacha eile beart trádála aontaobhach.

5.6. Ar an gcaoi chéanna, maidir leis an aistriú cóir, cuireann CESE i bhfios go láidir go mbeadh ar an Aontas aitheantas a thabhairt don fhreagracht stairiúil atá air comhtháthú tíortha nach bhfuil san Aontas i slabhraí bia domhanda a chur chun cinn trí bhíthin comhaontuithe comhpháirtíochta eacnamaíche, comhaontuithe saorthrádála, conarthaí déthaobhacha infheistíochta agus trí na seasaimh a ghlacann sé ar an leibhéal iltaobhach. Ba cheart freagracht a bheith ar an Aontas freisin beartais leordhóthanacha um fhorbairt agus um chomhar a ghlacadh lena bhféadfar na himpleachtaí diúltacha a bhaineann le bearta aontaobhacha a chur ina gceart, agus comhdhlúthú na gcóras bia réigiúnach, cothrom agus inbhuanaithe ar fud an phláinéid á éascú ag an am céanna.

5.7. Is díol sásaimh do CESE dearcadh domhanda atá comhtháite go straitéiseach a fhorbairt maidir le haistriú cóir an Aontais i gcórais agraibhia lena ndéantar rannpháirtíochtaí rialachais áitiúla, réigiúnacha, idirnáisiúnta agus domhanda a ailíniú le cuspóirí maidir le cearta an duine, an comhshaol agus an aeráid, agus le prionsabail an cheartais agus na hinbhuanaitheachta i gcórais bhia dhomhanda. D'fhéadfadh sé sin a bheith bunaithe ar na nithe seo a leanas:

— tacú le biafhlaitheas agus córais bhia réigiúnacha, lena n-áiritheofar nach mbeidh éifeachtaí díobhálacha ag beartais an Aontais;

— daingniú agus cur chun feidhme Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na dTuathánach agus Daoine Eile a Oibríonn i gCeantair Thuaithe a chur chun cinn;

— daingniú agus cur chun feidhme Threoirlínte Deonacha na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta maidir le Tionacht Talún a chur chun cinn.

## 6. Infheistíocht san aistriú cóir

6.1. I bhfianaise an ualaigh neamhshiméadraigh, ní mór dul i ngleic leis an aistriú cóir mar bheartas infheistíochta agus mar aistriú lena dtacaítear le hinfheistíocht ghlas agus lena n-éilítear comhleanúnachas idir foinsí cistiúcháin éagsúla, lena n-áirítear CBT agus CSE. Tá teorainn le buiséad CBT a mhéid a bhaineann le tacaíocht aonair a thabhairt do na spriocanna uaillmhianacha atá leagtha síos chun spriocanna aeráide a bhaint amach. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach breathnú níos faide ná cistí CBT chun táirgeadh agraibhia inbhuanaithe a áirithiú.

6.2. Molann CESE go mbunófaí Ciste um Aistriú Cóir don Agraibhia, ar ciste é sin a bheidh dírithe ar ghníomhaithe ar mhionscála a oibríonn i gcórais agraibhia, comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, inniúlachtaí, dálaí oibre ina gcuirtear daoine óga, mná, cearta an duine agus cleachtais inbhuanaithe i gcroílár na gcritéar incháilitheachta, agus a mbeidh cur chuige aige lena ndéanfaí an slabhra iomlán a mhaoiniú, agus ní hamháin cuid den slabhra. Ní mór cistí a chur ar fáil freisin chun comhdhlúthú agus iomadú FBManna ar fud an chórais bia a éascú d'fhonn slabhraí bia cothroma, inrochtana, gearra agus inbhuanaithe a chur chun cinn.

6.3. Mar aon le ciste a bhunú, ba cheart dreasachtaí fioscacha amhail ráta laghdaithe CBL a thabhairt isteach chun tús áite a thabhairt do tháirgí agraibhia inbhuanaithe ar mhionscála mar aon le cineálacha eile tacaíochta poiblí le haghaidh scéimeanna sláintiúla agus inbhuanaithe táirgeoirí-tomhaltóirí, amhail an chomhscéim, *Sécurité Sociale de l'Alimentation* [Slándáil Shóisialta don Bia]. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeidh CBT amach anseo ina thúsphointe don aistriú cóir.

An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2024.

*Uachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Oliver RÖPKE